CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

PREASEISIÚINT Uimh. 19/25
Lucsamburg, 25 Feabhra 2025

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-233/23 | Alphabet agus páirtithe eile

# D'fhéadfadh diúltú gnóthais ag a bhfuil ceannasacht idir-inoibritheacht a ardáin a áirithiú le haip ó ghnóthas eile, a éiríonn níos tarraingtí dá bhrí sin, a bheith mí-úsáideach

*D'fhéadfadh údar a bheith leis an diúltú toisc nach bhfuil aon teimpléad ann do chatagóir na n-aipeanna lena mbaineann, i gcás ina gcuirfí slándáil nó sláine an ardáin i mbaol dá ndeonófaí idir-inoibritheacht*

D'fhéadfadh sé gurb ionann diúltú gnóthais ag a bhfuil ceannasacht, a bhfuil ardán digiteach forbartha aige, rochtain ar an ardán sin a cheadú, trí dhiúltú a áirithiú go bhfuil an t-ardán sin idir-inoibritheach le haip arna forbairt ag gnóthas tríú páirtí, agus mí-úsáid ceannasachta, cé nach bhfuil an t-ardán fíor-riachtanach d'oibriú tráchtála na haipe. Féadfar teacht ar mhí-úsáid den sórt sin i gcás inar forbraíodh an t-ardán d'fhonn cead a thabhairt do ghnóthais tríú páirtí é a úsáid agus i gcás ina bhfuil sé de chineál a fhágann go mbeidh an aip níos tarraingtí do thomhaltóirí. D'fhéadfadh údar a bheith leis an diúltú, áfach, toisc nach bhfuil aon teimpléad ann do chatagóir na n-aipeanna lena mbaineann tráth na hiarrata ar rochtain ón ngnóthas tríú páirtí, i gcás ina gcuirfí slándáil nó sláine an ardáin i mbaol dá ndeonófaí an idir-inoibritheacht sin, nó i gcás ina mbeadh sé dodhéanta ar chúiseanna teicniúla eile an idir-inoibritheacht sin a áirithiú. I gcásanna eile, ní mór don ghnóthas ag a bhfuil ceannasacht teimpléad den sórt sin a fhorbairt, laistigh de thréimhse atá réasúnach agus riachtanach chun na críche sin agus faoi réir, i gcás inarb iomchuí, ranníocaíocht airgeadais iomchuí.

In 2018, sheol Enel [1] an aip JuicePass san Iodáil, a chuireann ar chumas tiománaithe stáisiúin luchtaithe a aimsiú agus a chur in áirithe dá bhfeithiclí leictreacha. D'fhonn go mbeadh sé níos éasca treoracha chuig staisiún den sórt sin a aimsiú, d'iarr Enel ar Google [2] an aip a dhéanamh comhoiriúnach le Android Auto, córas Google a lenar féidir rochtain dhíreach a fháil ar aipeanna fóin chliste ar scáileán na feithicle.  Is féidir le forbróirí tríú páirtí a n-aipeanna a chur in oiriúint do Android Auto trí theimpléid a sholáthraíonn Google a úsáid. Dhiúltaigh Google na gníomhartha is gá a dhéanamh chun a chinntiú go mbeadh JuicePass idir-inoibritheach le Android Auto [3]. Dá bhrí sin, ghearr an tÚdarás Iomaíochta agus Margaidh, an Iodáil (AGCM), fíneáil os cionn EUR 102 mhilliún ar Google, agus é á mheas gurbh ionann an t-iompar sin agus mí-úsáid ceannasachta.  Chuir Google i gcoinne an chinnidh sin os comhair na Comhairle Stáit, an Iodáil, a rinne tarchur chun réamhrialú chuig an gCúirt Bhreithiúnais.

Measann an Chúirt **go bhféadfadh mí-úsáid ceannasachta a bheith i gceist le diúltú gnóthais ag a bhfuil ceannasacht**, a bhfuil ardán digiteach forbartha aige, **chun idir-inoibritheacht an ardáin sin a áirithiú le haip arna forbairt ag gnóthas tríú páirtí.**

**Níl mí-úsáid ceannasachta den sórt sin teoranta don chás ina bhfuil an t-ardán fíor-riachtanach chun gníomhaíocht an iarratasóra ar rochtain a fheidhmiú [4]. D'fhéadfadh mí-úsáid a bheith ann freisin i gcás,** mar is cosúil sa chás seo, **nár fhorbair an gnóthas ag a bhfuil ceannasacht an t-ardán do riachtanais a ghníomhaíochtaí féin amháin, ach d'fhonn a chur ar chumas gnóthas tríú páirtí é a úsáid agus i gcás nach bhfuil an t-ardán sin fíor-riachtanach d'oibriú tráchtála aipe arna forbairt ag gnóthas tríú páirtí, ach go bhfuil sé de chineál a fhágann go mbeidh an aip sin níos tarraingtí do thomhaltóirí [5].**

D'fhéadfadh éifeachtaí frithiomaíocha a bheith ag diúltú rochtana cé gur fhan an gnóthas tríú páirtí a d'fhorbair an aip agus a iomaitheoirí gníomhach ar an margadh lena mbaineann an aip sin agus gur fhorbair siad a suíomh ar an margadh sin, gan tairbhe a bhaint as idir-inoibritheacht leis an ardán sin. Is gá, i ndáil leis sin, a mheas an raibh an diúltú de chineál a chuirfeadh bac ar chothabháil nó ar fhorbairt na hiomaíochta ar an margadh ábhartha, agus na himthosca fíorasacha ábhartha go léir á gcur san áireamh.

**D'fhéadfadh údar a bheith le diúltú** gnóthais ag a bhfuil ceannasacht a áirithiú go bhfuil aip idir-inoibritheach le hardán digiteach ar an bhforas nach bhfuil aon teimpléad ann do chatagóir na n-aipeanna lena mbaineann agus i gcás ina gcuirfeadh deonú na hidir-inoibritheachta sin sláine an ardáin lena mbaineann nó slándáil a úsáide i mbaol, nó i gcás ina mbeadh sé dodhéanta ar chúiseanna teicniúla eile an idir-inoibritheacht sin a áirithiú tríd an teimpléad sin a fhorbairt.

**Murab amhlaidh an cás,** áfach, **ní mór don ghnóthas ag a bhfuil ceannasacht teimpléad den sórt sin a fhorbairt laistigh de thréimhse réasúnta,** agus faoi réir, i gcás inarb iomchuí, ranníocaíocht airgeadais iomchuí. Sa chomhthéacs sin, ní mór aird a thabhairt ar riachtanais an ghnóthais tríú páirtí a d'iarr an fhorbairt sin, ar chostas iarbhír na forbartha agus ar cheart an ghnóthais ag a bhfuil ceannasacht tairbhe iomchuí a bhaint as.

**NÓTA:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léirmhíniú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre ar an mbreithiúnas ar shuíomh Gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques René Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar fáil ar 'Europe by Satellite' ✆ (+32) 2 2964106.

**Fanaigí i dteagmháil linn!**

[1] Go sonrach, Enel X Italia, atá mar chuid de Enel Group, agus a bhainistíonn níos mó ná 60 % de na stáisiúin luchtaithe atá ar fáil do mhótarfheithiclí leictreacha san Iodáil agus a sholáthraíonn seirbhísí don luchtú sin.

[2] Is é Google Italy Srl fochuideachta Iodálach Google LLC, atá, ar a uain, faoi úinéireacht Alphabet Inc. Tugtar Google ar na trí ghnóthas le chéile.

[3] Ar an gcéad dul síos, dúirt Google, a mhéid nach raibh teimpléad sonrach ann, gurbh iad aipeanna ilmheán agus teachtaireachtaí na haipeanna gnóthais tríú páirtí amháin a bhí chomhoiriúnach le Android Auto. Ina dhiaidh sin thug Google údar lena dhiúltú ar bhonn imní slándála agus an gá atá ann na hacmhainní is gá a leithdháileadh, ar bhealach réasúnach, chun teimpléad nua a chruthú.

[4] Coinníoll arna leagan amach ag an gCúirt i mbreithiúnas an 26 Samhain 1998, *Bronner*, C-7/97 (féach freisin preaseisiúint n° 72/98).

[5] I gcás den sort sin, ní thugann caomhnú shaoirse an ghnóthais ag a bhfuil ceannasacht chun conradh a thabhairt i gcrích agus an chirt chun maoine, ná an gá an leanúint den ghnóthas sin a spreagadh chun infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt táirgí nó seirbhísí ardcháilíochta, bonn cirt le teorainn a chur le haicmiú ar diúltú rochtain a thabhairt ar an mbonneagar atá i gceist do ghnóthas tríú páirtí mar mhí-úsáideach, i gcásanna ina gcomhlíontar an coinníoll 'Bronner', a bhaineann le cineál fíor-riachtanach ghníomhaíocht an iarratasóra ar rochtain a sheoladh.